Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 maidir le tuarastail agus speansais na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí eile nach ndéantar a ghearradh ar an Lárchiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré ionchais mheasta ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

Déantar foirgnimh a dhímheas ag ráta de 2% sa bhliain de réir méid chothrom.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Chúirteanna. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.

*Mírialtacht Amhrasta*

Go luath i 2013, aithníodh mírialtacht amhrasta maidir le fáltais íocaíochtaí físneálacha a tharla i 2012 i gceann de na hoifigí Cúirte. Bhí luach de thart ar €18,000 ar an nglanmhéid. Chuir an tSeirbhís Chúirteanna an Bord, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, An Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an eolas faoin mírialtacht. Chuir Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Seirbhíse Cúirteanna athbhreithniú rialuithe i gcrích d'fháltais fhíneálacha san oifig seo, agus ina dhiaidh sin cuireadh rialuithe breise agus feabhsaithe i bhfeidhm leis an timpeallacht rialaithe a threisiú.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Seirbhís Chúirteanna
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Tá an tSeirbhís Chúirteanna comhlíontach le gach treoirlíne ábhartha i dtaca le soláthar seachas 10 gconradh ar luach €1,134,153. Síneadh na conarthaí thar an mbundáta conartha gan soláthar iomaíoch agus ní bhfuarthas athbhreithniú neamhspleách roimh ré ar chaiteachas faoi mar a theastaíonn faoi Chiorclán 40/02. Tuairiscíodh sonraí na gconarthaí seo don ARCC agus tá an tSeirbhís Chúirteanna ag déanamh beart go honnghníomhach le tairiscintí a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo i 2013.

***Coiste Iniúchta***

Is féidir liom deimhniú go bhfuil Coiste Iniúchta ag an tSeirbhís Chúirteanna. Is fochoiste de chuid Bhord na Seirbhíse Cúirteanna é an Coiste. Is é ról an Choiste ná an Bord a mhaoirsiú, a chomhairliú agus tacú leo siúd agus leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúchán/Oifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht ráthaíochtaí i dtaca le raon ceisteanna, lena n-áirítear iomláine na rialuithe inmheánacha airgeadais. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta faoi chairt scríofa fhaofa agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé athbhreithniú ar chlár oibre bliantúil an Iniúchta Inmheánaigh chomh maith lena fhaomhadh.

***Iniúchadh Inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSeirbhís Chúirteanna le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Seirbhíse i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

31 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Seirbhís Chúirteanna agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Chúirteanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Soláthar Neamhiomaíoch**

Dírím aird ar an nochtadh sa Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh ar na tosca ina ndearnadh seirbhísí ar luach €1.1 million a sholáthar le linn 2012 gan na treoirlínte soláthair a chomhlíonadh.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Iúil 2013

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

# Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar Meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | | |
| A | Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 107,090 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | 108,090 | 107,697 | 112,724 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 107,090 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | | **108,090** | **107,697** | **112,724** |
| | *Lúide* | | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 52,315 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,000) | | | |
| | | | | **48,315** | **48,541** | **50,085** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 54,775 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | | **59,775** | **59,156** | **62,639** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 618,810 | 826,295 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 49,544 | | | |
| | | *Forlíontach* | (24) | 49,520 | 49,188 | 51,358 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 2,713 | | | |
| | | *Forlíontach* | (156) | 2,557 | 2,719 | 2,759 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 8,246 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,467) | 6,779 | 6,826 | 8,707 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 2,291 | | | |
| | | *Forlíontach* | 259 | 2,550 | 2,538 | 2,666 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 5,581 | | | |
| | | *Forlíontach* | (163) | 5,418 | 5,562 | 6,786 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 13,572 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,516 | 16,088 | 15,926 | 16,056 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | 80 | 180 | 192 | 213 |
| | | | | 83,092 | 82,951 | 88,545 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas clár | | 24,746 | 24,179 |
| Pá | | 49,188 | 51,358 |
| Neamhphá | | 33,763 | 37,187 |
| **Ollchaiteachas** | | **107,697** | **112,724** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **48,541** | **50,085** |
| **Glanchaiteachas** | | **59,156** | **62,639** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (948) | | |
| Sócmhainní aistrithe chuig Údaráis Áitiúla | 971 | | |
| Dímheas | 8,230 | | |
| | | 8,253 | 10,126 |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (599) | (2,404) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,423) | | |
| Laghdú ar stoc | 5 | | |
| | | (1,418) | 909 |
| **Caiteachas díreach** | | **65,392** | **71,270** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 41,381 | 44,562 |
| Measchíosanna | | 3,314 | 3,335 |
| **Costas glan clár** | | **110,087** | **119,167** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 22 arna dtabhú in áit eile..

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 6,894 | 9,520 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,064 | 2,016 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | 186 | 195 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 757 | 831 |
| An Lárchiste - Tuarastail agus pinsin bhreithiúnacha | 32,480 | 32,000 |
| | 41,381 | 44,562 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | 213,867 | 221,896 |
| **Sócmhainní Caipitil á bhForbairt** | 2.4 | 2,886 | 2,115 |
| | | **216,753** | **224,011** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 1,015 | (3,300) |
| Stoic | 2.6 | 233 | 238 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,845 | 3,197 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,304 | 2,615 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 1,074 | 5,387 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **8,471** | **8,137** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,855 | 3,958 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 1,461 | 1,401 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 628 | 686 |
| **Dliteanais Reatha Iomlána** | | **4,944** | **6,045** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **3,527** | **2,092** |
| **Glansócmhainní** | | **220,280** | **226,103** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **220,280** | **226,103** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | 226,103 | 235,781 |
| Maoiniú tarraingthe anuas | 2.2 | 100,537 | 107,201 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | 3,314 | 3,335 |
| Earraí neamhairgid eile | | 413 | (1,047) |
| Costas glan clár | 1 | (110,087) | (119,167) |
| **Maoiniú tarraingthe anuas** | | **220,280** | **226,103** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe anuas

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 59,775 | 63,465 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (619) | (826) |
| | | 59,156 | 62,639 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 41,381 | 44,562 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **100,537** | **107,201** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitiúla

| | Talamh agus foirgnimh[1] | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollshócmhainní** | | | | |
| Costas nó Luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 233,852 | 38,666 | 31,534 | 304,052 |
| Coigeartú[2] | 250 | — | — | 250 |
| Breiseanna | 582 | 289 | 60 | 931 |
| Diúscairtí | — | (63) | — | (63) |
| Aistrithe chuig Údaráis Áitiúil[3] | (1,125) | — | — | (1,125) |
| Costas nó Luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 233,559 | 38,892 | 31,594 | 304,045 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 | 22,858 | 34,310 | 24,988 | 82,156 |
| Dímheas do choigeartú[1] | 9 | — | — | 9 |
| Dímheas don bhliain | 4,483 | 1,977 | 1,770 | 8,230 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (63) | — | (63) |
| Dímheas ar shócmhainní a aistríodh | (154) | — | — | (154) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2012 | 27,196 | 36,224 | 26,758 | 90,178 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | 206,363 | 2,668 | 4,836 | 213,867 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | 210,994 | 4,356 | 6,546 | 221,896 |

[1] Déanann Acht na gCúirteanna 1988 soláthar d'aistriú chuig an tSeirbhís Chúirte teidil dlí maidir le tailte agus le foirgnimh áirithe. Ní raibh aon fhoirgneamh dílsithe sa tSeirbhís Chúirte i 2012. Déantar réadmhaoin dhílsithe a chaipitliú nuair a cuireadh luacháil ar fáil ag OOP.

[2] Tar éis luachála i Mí Aibreáin 2010, cuireadh teach cúirte Chloich na Coillte leis na sócmhainní caipitil i 2012. Tá luacháil gan íoc ar chúig cinn d'fhoirgnimh ag deireadh na bliana agus ar an gcúis sin níor cuireadh san áireamh iad sna figiúirí thuasluaite.

[3] Aistríodh trí cinn de thithe cúirte dílsithe i mBaile an Róba, i mBaile Thomáis agus i gCaisleán an Chomair nach bhfuil in úsáid a thuilleadh chuig na húdaráis áitiúla ábhartha i 2012 gan aon mhalartú cistí.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

at 31 December 2012

| | Tionscadail tógála | Feidhmiúcháin Ríomhairí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2012 | 2,115 | — | 2,115 |
| Coigeartuithe [1] | — | 172 | 172 |
| Íocaíochtaí Airgid don Bhliain | 66 | 533 | 599 |
| Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní | — | — | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012 | **2,181** | **705** | **2,886** |

[1] Déantar coigeartú maidir le hathchatagóiriú na gcostas comhairleachta ar thionscadail TE mar mhíreanna caipitil..

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 1,094 | (2,250) |
| Orduithe gan íoc | (79) | (1,050) |
| | **1,015** | **(3,300)** |

## 2.6 Stoic

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig 2012 | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 190 | 178 |
| Ábhair intomhalta | 40 | 48 |
| Ilghnéitheach | 3 | 12 |
| | **233** | **238** |

## 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Airleacain don OOP | 810 | 4,035 |
| Fionraí | 245 | 1,332 |
| Óinchiste | 19 | 20 |
| | **1,074** | **5,387** |

| **2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 782 | 827 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 44 | 32 |
| Cáin Bhreisluacha | 29 | 33 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 271 | 302 |
| Fíneálacha | — | (157) |
| | 1,126 | 1,037 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 326 | 364 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | 9 | — |
| | 1,461 | 1,401 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 619 | 826 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | 9 | (140) |
| Glandliteanas don Státchiste | 628 | 686 |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,015 | (3,300) |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,074 | 5,387 |
| | 2,089 | 2,087 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,126) | (1,037) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (335) | (364) |
| | (1,461) | (1,401) |
| | 628 | 686 |

## 2.10 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 53,229 | 60,921 |

I mblianta roimhe seo bhain na figiúirí tiomantais a nochtaíodh le dualgas conartha don bhliain ina dhiaidh sin amháin. Rinneadh na figiúirí tiomantais do 2011 agus do 2012 a choigeartú le tiomantais a chuimsiú do na blianta ina dhiaidh sin.

**(b) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

| | Caiteachas go dtí an 31 Nollaig 2011 | Caiteachas in 2012 | Blianta dá éis seo | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Athchóiriú ar thithe cúirte | 25,065 | 1,462 | 17,530 | 44,057 |

**(c ) Costas Caipitil Tionscadail Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí**

| | Caiteachas go dtí an 31 Nollaig 2011 | Caiteachas in 2012 | Ceangaltais infhorghníomhaithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta amach anseo | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ainm an Tionscadail CPP** | | | | |
| Ollionad na gCúirteanna Coiriúla | 24,483 | 4,701 | 147,913 | 177,097 |

## 2.11 Dliteanais Aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte ag deireadh na bliana (2011 - €2,160).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 49,544 | | | |
| | | *Forlíontach* | (24) | 49,520 | 49,188 | 51,358 |
| A.2 | Riarachán - Neamhphá | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 32,503 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,069 | 33,572 | 33,763 | 37,187 |
| A.3 | Tithe Cúirte (oibreacha caipitil) | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 3,880 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,320) | 2,560 | 2,309 | 4,679 |
| A.4 | Costais CPP | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 21,163 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,275 | 22,438 | 22,437 | 19,500 |
| | | | | **108,090** | **107,697** | **112,724** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas a bhain leis an gclár €393,000 níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. Bhain sin leis na rudaí seo a leanas, go príomha:

| **Cur síos** | **Níos lú /(níos mó) ná a soláthraíodh** <br> **€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Tithe Cúirte (oibreacha caipitil) | 251 | Ba é brath na Seirbhíse Cúirteanna ar an OOP chun tús a chur le hoibreacha agus chun sonrasc a sheoladh do na hoibreacha a críochnaíodh é an t-údar a bhí leis an ngannchaitheamh go príomha. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí cúirteanna | *Tosaigh* | 48,493 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,000) | 44,493 | 43,720 | 45,156 |
| 2 | Ilghnéitheach | | | 1,142 | 1,892 | 1,858 |
| 3 | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | | | 2,680 | 2,929 | 3,071 |
| | **Iomlán** | | | 48,315 | 48,541 | 50,085 |

**Míniú ar athrúchán suntasach**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón suim mheasta de níos mó ná €100,000 agus de níos mó ná 5%.

| Teideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (750) | Baineann an méadú le fáltais a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo ó Dhlíodóirí Ginearálta, a cheaptar ó laistigh den tSeirbhís Chúirte ag an Ardchúirt agus a n-íoctar táille dóibh le gnóthaí mionaoiseach agus coimircí cúirte a bhainistiú. Is ann freisin d'fhorchúitimh a bhaineann le blianta eile roimhe seo. |
| Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | (249) | D’eascair an farasbarr as an deacracht ghinearálta le gluaiseacht foirne a thuar go cruinn, lena n-áirítear scoir aoisbhainteacha, luathscoir, agus earcú foirne chun roinnt folúntas a líonadh. |

**4.2 Fáltais iIníoctha leis an Státchiste**

| | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 9,000 | 7,626 | 9,700 |
| Fíneálacha eile[1] | 8,400 | 4,144 | 5,230 |
| Fíneálacha na bliana roimhe seo[2] | — | — | 2,740 |
| Fáltais eile[3] | — | 33 | 163 |
| | 17,400 | 11,803 | 17,833 |

1 Cuimsíonn an meastachán suimeanna nach bhfuil iníoctha go díreach leis an Státchiste seachas le ranna eile. Léirítear na suimeanna réadaithe i Nóta 4.3.

2 Baineann an tsuim seo le hiarmhéid oidhreachta neamhaistrithe atá ar coimeád sa chuntas fionraí táillí.

3 Coimeádann Oifig Chuntasóra na gCúirteanna Breithiúnais cistí ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí do sheacht mbliana sula n-íoctar leis an Roinn Airgeadais iad. Baineann fáltais 2012 le cistí a lóisteáladh i 2004.

Bíonn fáltais na dtáillí ag brath ar líon na bhfíneálacha a forchuireadh, líon a chuaigh i laghad i 2012, rud a spreag laghdú comhfhreagrach i bhfáltais na bhfíneálacha..

**4.3 Fíneálacha a bailíodh ar son Ranna eile**

Rinneadh íocaíochtaí díreacha chuig na ranna seo a leanas maidir le fíneálacha a bailíodh ag an tSeirbhís Chúirteanna ar a son in 2012.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 2,175 | 2,003 |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 36 | 28 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 196 | 247 |
| | 2,407 | 2,278 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne amhail dheireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 945 | 958 |

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 45,129 | 47,222 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 30 | 22 |
| Liúntais eile | 1,124 | 1,230 |
| Ragobair | 403 | 413 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,502 | 2,468 |
| **Pá Iomlán** | **49,188** | **51,355** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair 2012 € | Uasíocaíocht Aonair 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 13 | — | 7,574 | 6,409 |
| Liúntais eile | 297 | 19 | 20,091 | 19,585 |
| Ragobair | 209 | 9 | 25,390 | 27,016 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

San iomlán íocadh €3,030 I 2012 do bheirt státseirbhíseach ar scor a fhaigheann pinsean státseirbhíse a fostaíodh ar feadh tréimhse gairide le linn 2011 agus 2012.

**5.3 Costais a Forchúitíodh**

Forchúitíodh costais tuarastail ionann agus €682,998 ó bhinsí agus ranna rialtais i leith ball foirne ar iasacht.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais Chúitimh agus costais dlí tríú páirtí

B'ionann agus €307,522 na híocaíochtaí iomlána maidir le costais chúitimh agus dlí. Den mhéid seo, bhain na costais seo le go príomha le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina raibh an tSeirbhís Chúirteanna ina páirtí. Cuimsíonn na híocaíochtaí seo gníomhartha freisin ar phléigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar luach €85,124.

**Costais Dlí**

Costais dlí a íocadh le linn na bliana

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais dlí tríú páirtí | 308 | 110 |
| Costais chúitimh | — | 31 |
| | **308** | **141** |

### 6.2 Mírialtacht amhrasta

Faoi mar a shracrianaítear sa Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais, aimsíodh mírialtacht amhrasta i dtaca le fáltais íocaíochtaí fíneálacha i gceann de na hoifigí Cúirte ar luach thart ar €18,000.